Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Fodhlíthe um Rialú Loctha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, 2025

Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh

**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**
**Na Fodhlíthe um Rialú Loctha, 2025**

## RIAR NA bhFODHLÍTHE

## Cuid I

## Réamhráiteach


1. Lua
2. Tosach Feidhme
3. Limistéar Feidhme
4. Léiriú
5. Aisghairm


## Cuid II

## Ticéad Loctha 'Íoc agus Taispeáin'


6. Locadh in áiteanna loctha ticéid 'Íoc agus Taispeáin'
7. Feithiclí a bhféadtar iad a locadh in áiteanna loctha ticéid 'Íoc agus Taispeáin'
8. Oibleagáid chun ticéad loctha bailí a chur ar taispeáint
9. Tréimhse loctha in áit loctha ticéid
10. Feithicil a thabhairt chun bealaigh ó áit loctha ticéid
11. Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis imeacht ó áit loctha ticéid
12. Ticéid loctha 'Íoc agus Taispeáin' a eisiúint
13. An táille ar thicéid loctha 'Íoc agus Taispeáin'
14. Coinníollacha a ghabhann le locadh in áit ticéid loctha
15. Toirmeasc ar theaghaisí sealadacha a locadh
16. Gluaisrothair agus rothair cos a bheith toirmiscthe ar locadh in áiteanna loctha ticéid 'Íoc agus Taispeáin'
17. Limistéir ainmnithe le haghaidh Gluaisrothar
18. Meaisíní 'Íoc agus Taispeáin' ná áiteanna ticéid loctha a fhionraí
19. Cur isteach
20. Gan Fodhlíthe a chomhlíonadh


## Cuid III

## Ceadanna Loctha do Chónaitheoirí/Chúramóirí


21. Sonraí Ceadanna Loctha cónaitheoirí
22. Cead chun feithicil a bhfuil cead loctha bailí ar taispeáint uirthi a locadh
23. Cead loctha bailí a chur ar taispeáint

24. Cur isteach ar chead loctha
25. Cead loctha a eisiúint agus an táille ina leith
26. Cead loctha cónaitheora a thabhairt ar ais agus a aistriú
27. Seoladh a Athrú - cead loctha Cónaitheora a eisiúint
28. Cead loctha a eisiúint chuig ba(i)ll teaghlaigh neamhchónaitheach(a)/duine (daoine) ainmnithe/cúramóra
29. Sonraí ar chead ba(i)ll teaghlaigh neamhchónaithigh (neamhchónaitheach)/duine (daoine) ainmnithe/cúramóra
30. Cead ba(i)ll teaghlaigh neamhchónaithigh(neamhchónaitheach)/duine/daoine ainmnithe/cúramóra a thabhairt ar ais agus a aistriú
31. Cion

## Cuid IV

## Ceadanna Loctha Cuairteoirí

32. Sonraí ar Cheadanna Loctha Cuairteoirí
33. Cead Loctha Cuairteoirí a eisiúint agus an táille ina leith
34. Cead loctha Cuairteoirí a eisiúint agus an táille ina leith
35. Cead loctha Cuairteoirí a dhiúscairt
36. Teideal leantach chuig ceadanna loctha arna n-eisiúint faoi fhodhlíthe roimhe seo
37. Doiciméid fhalsaithe

## Cuid V

## Cead a fháil gan Meaisín(í) Ticéad Loctha agus/nó Áit(eanna) Loctha a oibriú

38. Iarratas
39. Coinníollacha a ghabhann le Cead a Thabhairt
40. Táillí Cuí
41. Cead a eisiúint
42. Coinníoll a shárú

## Cuid VI

## Ilghnéitheach

43. Gan feidhm a bheith ag na Fodhlíthe
44. Séanadh
45. Leanúnachas Forálacha Aisghairthe agus Forálacha Idirthréimhseacha
46. Bánna Feithicle Leictrí

## Aguisíní

Aguisín I Táillí Ticéid Loctha

Aguisín II Táillí Ceada Loctha

Aguisín III Táillí Scaoilte Teanntáin

Aguisín IV Toirmeasc ar Theaghaisí Sealadacha a Locadh - Bóithre Forordaithe

# Fodhlíthe Rialaithe Loctha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, 2025

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le hAilt 4(2) agus 36 faoi seach den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994), (Uimh. 7 de 1994) agus faoi Alt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, agus faoi Alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe, leis seo, tar éis dul i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána, na Fodhlíthe seo a leanas i ndáil le rialú agus rialáil locadh feithiclí i limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe.

| | | |
|---|---|---|
| **Lua:** | **1** | Fodhlíthe Rialaithe Loctha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, 2025, is teideal do na Fodhlíthe seo. |
| **Tosach Feidhme:** | **2** | Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh ar an ...ú lá de ..........................., 2025. [DATE TO BE INSERTED] |
| **Limistéar Feidhme:** | **3** | Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis na limistéir arb éard iad limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe. |
| **Léiriú:** | **4** | Sna Fodhlíthe seo:<br>ciallaíonn **“Comhairle Cathrach na Gaillimhe”** Comhairle Chathair na Gaillimhe agus gairtear “An Chomhairle” di anseo ina dhiaidh seo. |

ciallaíonn **“na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre,** 1961 go 2024” agus aon Acht lena leasaítear, lena leathnaítear, lena gcomhdhlúthaítear nó lena n-athachtaítear na hAchtanna sin ó am go ham),

ciallaíonn **“na Rialacháin um Shíneacha”** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha), 2004 (S.I. Uimh. 200 de 2024) agus aon ionstraim reachtúil lena leasaítear, lena leathnaítear, lena gcomhdhlúthaítear nó lena n-athachtaítear na rialacháin sin ó am go ham.

ciallaíonn **“na Rialacháin Náisiúnta”** gach rialachán arna dhéanamh de bhun na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre agus de bhun aon ionstraim reachtúil lena leasaítear, lena leathnaítear, lena gcomhdhlúthaítear nó lena n-athachtaítear na rialacháin sin ó am go ham,

ciallaíonn **“gníomhaire de chuid na Comhairle”** aon duine atá ar fostú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe nó aon duine eile atá údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo,

ciallaíonn **“táille chuí”** an táille, arna forordú sna fodhlíthe seo, maidir leis an limistéar loctha ina ndéantar an fheithicil a locadh,

ciallaíonn **“meaisín ticéad loctha ‘Íoc agus Taispeáin’ cuí”** meaisín ticéad loctha ‘Íoc agus Taispeáin’ atá suite ar an

mbóthar poiblí, nó i gcarrchlós ina ndéantar an fheithicil a locadh, nó ar bhóthar poiblí tadhlach,
ciallaíonn **“fianaise inghlactha”** an méid seo a leanas: -

a) deimhniú árachais reatha a thaispeánann go ndéantar an fheithicil ar ina leith atá iarratas déanta ar an gcead cónaitheora a choimeád de ghnáth ag seoladh an chónaitheora sa limistéar loctha chónaithigh lena mbaineann an cead;

b) i gcás inarb é nó í an t-iarratasóir úinéir na feithicle ar ina leith atá an t-iarratas ar chead loctha cónaitheora á dhéanamh agus go bhfuil an fheithicil árachaithe ag a fhostóir/fostóir, dearbhú árachais an fhostóra agus fianaise shásúil dhoiciméadach ón bhfostóir á rá go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha na cuideachta agus go bhfuil an fheithicil shonraithe árachaithe ag an gcuideachta,
nó

c) i gcás nach é nó í an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle ar ina leith atá an t-iarratas ar chead loctha cónaitheora á dhéanamh, ach go bhfuil úsáid na feithicle aige nó aici i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta, deimhniú árachais an fhostóra i leith na feithicle agus fianaise shásúil dhoiciméadach ón bhfostóir, ar úinéir cláraithe na feithicle é nó í, á rá go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha an úinéara chláraithe agus go ndéanann an t-iarratasóir an fheithicil a choimeád de ghnáth ag seoladh an chónaitheora i gcrios an cheada loctha chónaithigh lena mbainfidh an cead, agus

d) ach amháin i gcás mhír (c) den Fhodhlí seo, deimhniú ceadúnaithe ceadúnais, leabhar cláraithe lena ndaingnítear gurb é nó í an cónaitheoir a bhfuil iarratas á dhéanamh aige nó aici ar chead loctha cónaitheora úinéir cláraithe na feithicle ar ina leith atá an t-iarratas á dhéanamh ar chead loctha cónaitheora agus go bhfuil an fheithicil cláraithe ag seoladh an chónaitheora i gcrios an chead loctha chónaithigh lena mbainfidh an cead, agus

e) cead tiomána nó cead tiomána sealadach in ainm an chónaitheora a dhéanann iarratas ar chead loctha cónaitheora, agus

f) billí fóntais reatha, ráitis airgeadais reatha, comhaontú tionóntachta reatha nó doiciméid reatha eile, atá inghlactha ag an gComhairle, arna ndíriú chuig an gcónaitheoir ag a sheoladh/seoladh ar an mbóthar poiblí a bhaineann leis an gcead loctha

g) Féadfaidh an Chomhairle cead loctha cónaitheora a athnuachan, gan ‘fianaise inghlactha’ a thíolacadh, tar éis foirm iarratais chomhlánaithe a thíolacadh don Chomhairle agus tar éis an táille chuí a íoc.

h) Ag aon chéim roimh dhul in éag ceada loctha cónaitheora, féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an duine ar eisíodh

cead dó 'fianaise inghlactha' a thabhairt ar aird chun an Chomhairle a shásamh go raibh sé nó sí i dteideal an cead a bheith eisithe chuige nó chuici. Déanfar aon iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig an duine ar eisíodh an cead chuige nó chuici ag an seoladh a thug an duine sin ar an bhfoirm iarratais.

i) I gcás nach dtugtar 'fianaise inghlactha' ar aird don Chomhairle laistigh de mhí amháin ó dháta an iarrata scríofa, féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, a mheas go bhfuil cead loctha an chónaitheora neamhbhailí agus an cead a chealú gan fógra breise a thabhairt

tá le **"duine údaraithe"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 103 (8) (a cuireadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 1968) (Uimh. 25 de 1968)) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;

ciallaíonn **"limistéar maolánach"** limistéar idir dhá áit loctha;

ciallaíonn **"carrchlós"** limistéar a chuimsíonn limistéar chun feithiclí inneallghluaiste a locadh de bhua bánna marcáilte a bheith iontu agus atá oiriúnach chun feithiclí atá ainmnithe lena locadh agus gurb í an Chomhairle a n-úinéir cláraithe nó ar feithiclí iad a bhfuil leas dlíthiúil, dílseánach nó cothromasach iontu

ciallaíonn **"cúramóir"** duine a bhfuil cúram á sholáthar aige nó aici do Chónaitheoir a bhfuil gá aige nó aici le cúram laethúil leanúnach maidir le breoiteacht ainsealach,

ciallaíonn **"cead loctha cónaitheora"** doiciméad arna eisiúint ag an gComhairle Cathrach ar doiciméad é a chomhlíonann cuspóir Fhodhlíthe Uimh. 28, 29, 30, & 31 ina bhfuil son shonraítear i Roinn 28 (1) go 28 (9), 29, 30 & 31 de na Fodhlíthe

ciallaíonn **"bá loctha do dhuine faoi mhíchumas"** spás ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ar bá é atá beartaithe chun feithicil a locadh ann ar feithicil í a bhfuil a húinéir nó paisinéir inti faoi mhíchumas agus ar bá é a thaispeántar an méid sin ina leith le sín RRM 015 le marcálacha nó síneacha talún nó le marcálacha nó síneacha eile,

ciallaíonn **"cead loctha do dhuine faoi mhíchumas"** Cead Loctha do dhuine faoi mhíchumas ar cead é arna eisiúint ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann nó ag Cumann na dTiománaithe Faoi Mhíchumas, Aithnítear cead arna eisiúint ag údaráis stáit freisin.

ciallaíonn **"feithicil leictreach"** feithicil a chumhachtaítear le cadhnra in-athluchtaithe amháin nó le cadhnra in-athluchtaithe agus le dóchán inmheánach.

ciallaíonn **"bá loctha d'fheithicil leictreach"** bá loctha a sholáthraítear d'aon toisc chun feithiclí leictreacha a athluchtú.

ciallaíonn "**feithicil earraí"** feithicil a úsáidtear go heisiach chun earraí a iompar chun críoch tráchtála.

tá le **"teach"** an bhrí a shanntar dó sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbartha, 2001,

ciallaíonn **"pláta faisnéise"** pláta a ghabhann le sín tráchta agus a thaispeánann an tréimhse ar lena linn atá feidhm ag na srianta nó ag an toirmeasc a thaispeántar leis an sín tráchta sin.

tá le **"bá lódála"** an bhrí a shanntar dó in airteagal 42 de na Rialacháin Náisiúnta agus a thaispeántar le sín tráchta Uimh. RRM 009 de na Rialacháin um Shíneacha ar sín í lena ngabhann pláta faisnéise.

ciallaíonn **"uaireanta oibríochtúla"** na tréimhsí ó 8.30 go 18.30 ó Luan go Satharn go huile ach amháin i gcás ina dtaispeántar a mhalairt:
(1) ar phláta faisnéise a ghabhann le sín tráchta uimhir RUS 018 arna údarú leis na Rialacháin um Shíneacha sa limistéar ticéad loctha ina bhfuil an fheithicil loctha **<u>nó</u>**
(2) ar an meaisín cuí 'íoc agus taispeáin' atá suite ar an mbóthar poiblí, nó ar bhóthar atá tadhlach leis an mbóthar sin, ar a bhfuil an fheithicil loctha,

ciallaíonn **"úinéir"** cónaitheoir a choimeádann agus a úsáideann feithicil de ghnáth;

ciallaíonn **"bá loctha"** spás ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós atá beartaithe chun feithicil amháin a locadh ann agus an méid sin a bheith ar taispéaint le marcálacha nó síneacha talún nó le marcálacha nó síneacha eile.

ciallaíonn **"cead loctha"** cead loctha cónaitheora, cuairteora nó cúramóra arna eisiúint ag an gComhairle nó ag a gníomhairí chun
críoch Fhodhlíthe 29 go 30 agus ar cead é ina sonraítear na sonraí
a shonraítear i bhFodhlíthe Uimh. 21 agus 29;

ciallaíonn **"limistéar ceada loctha"** limistéar loctha ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós atá beartaithe chun feithiclí a locadh iontu agus an méid sin ar taispeáint

ciallaíonn **"áit loctha"** áit ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ar áit loctha ticéid í,

ciallaíonn **"Ticéad Loctha 'Íoc agus Taispeáin'"** ticéad loctha arna eisiúint ag an gComhairle trí mheaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' agus ar a bhfuil na sonraí seo a leanas:

(a) na focail "Comhairle Cathrach na Gaillimhe" agus/nó 'Galway City Council',
(b) an táille a íocadh i leith an ticéid,
(c) dáta agus am eisiúna an ticéid,
(d) am éagtha an ticéid.

ciallaíonn **“Meaisín Ticéad Loctha ‘Íoc agus Taispeáin’”** meaisín atá in ann ticéad loctha ‘íoc agus taispeáin” a sheachadadh go huathoibríoch nuair a íoctar an táille chuí a fhorordaítear leis na fodhlíthe seo.

ciallaíonn **“bunachar sonraí ceadanna”** bunachar sonraí leictreonach arna cothabháil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe d’fhonn sonraí faoi cheadanna loctha cónaitheoirí agus cúramóirí a thaifeadadh; measfar cead bailí a bheith ag feithicil i gcás ina bhfuil uimhir chláraithe na feithicle taifeadta sa bhunachar sonraí ceadanna

tá le **“bóthar poiblí”** an bhrí a shanntar dó in Alt 2(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1963,

ciallaíonn **“táille scaoilte”** an táille, arna forordú sna Fodhlíthe, chun feithicil a bhfuil teanntán curtha uirthi ag Gníomhaire de chuid na Comhairle nó ag aon Duine Údaraithe eile a scaoileadh,

ciallaíonn **“cónaitheoir”** duine a shásaíonn an Chomhairle go bhfuil a ghnátháit/gnátháit chónaithe ag áitreabh atá suite ar shráid i gcrios ceada loctha chónaithigh;

ciallaíonn **“teaghaisí sealadacha”** aon phuball, carbhán, teaghais shoghluaiste nó déanmhas eile (cibé acu ar rothaí nó nach ea) ar déanmhas é:
ar féidir é a bhogadh ó áit amháin go háit eile (cibé acu
trína tharlú, trína iompar ar fheithicil nó ar leantóir nó ar shlí eile), agus
(a) a úsáidtear mar áit chónaithe do dhaoine go buan nó ó am go am, nó
(b) a dearadh, a tógadh nó a oiriúnaíodh le haghaidh úsáid den sórt sin.

ciallaíonn **“Áit Loctha Ticéid”** áit ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós ina dtaispeánann sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó RUS 018m arna húdarú nó arna n-údarú le Rialacháin Síneacha 1997, mar aon le pláta(í) faisnéise a ghabhann léi nó leo, go bhfuil locadh feithiclí faoi réir Tícéad Loctha Bailí ‘Íoc agus Taispeáin’ a chur ar Taispeáint.

tá le **“maor tráchta”** an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975, arna leasú.

ciallaíonn **“monaí bailí”** na monaí a thaispeántar ar an meaisín cuí ticéad loctha ‘íoc agus taispeáin’,

ciallaíonn **“rThicéad bailí”** admháil leictreonach nó fhisiceach lena ndaingnítear íocaíocht i leith tréimhse loctha:-

a) atá cláraithe

   a. trí chlár bogearraí nó trí shraith comhchodanna bogearraí atá deartha lena oibriú nó lena n-oibriú ar fheistí soghluaiste, lena n-áirítear fóin

chliste, táibléid, uaireadóirí cliste agus feistí iniompair ríomhaireachta eile (“aip”) atá ainmnithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe lena n-úsáid mar aip loctha oifigiúil Chathair na Gaillimhe; nó

b. trí láithreán gréasáin arna sholáthar ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun críoch lena n-áirítear táillí cuí a íoc; nó

c. trí cibé cuideachta a fhostóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe d’fhonn íocaíochtaí a bhailiú agus a chlárú chun locadh a dhéanamh in áiteanna loctha;

d. trí ghlaoch a chur ar uimhir theileafóin ainmnithe loctha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe; nó

e. nó ar aon mhodh eile a sholáthróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ó am go ham; agus

b) ar ina leith atá uimhir chláraithe na feithicle atá i gceist agus atá loctha daingnithe ag an tiomanaí; agus

c) ar ina leith atá an suíomh ina bhfuil an fheithicil á locadh daingnithe ag an tiománaí; agus

d) ar ina leith a fuair an tiománaí daingniú faoin íocaíocht ón gcóras; agus

e) i gcás inar chláraigh an tiománaí go bhfuil an fheithicil á locadh ar feadh tréimhse nach faide ná ré cheadaithe in áit loctha ticéid de réir na bhFodhlíthe seo; agus

f) le haghaidh ré an ama a fhágtar an feithicil arna locadh san áit loctha ticéid le linn uaireanta oibríochtúla.

ciallaíonn **“cead loctha bailí duine faoi mhíchumas”** cead loctha den sórt sin ar cead é nach bhfuil imithe in éag,

ciallaíonn **“Ticéad Fanachta Solúbtha bailí”** teidlíocht arna heisiúint ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, nó thar a ceann, ar teidlíocht í lena gceadaítear feithicil shonraithe a locadh i gcarrchlós sonraithe ar feadh tréimhse sheasta ama agus—

(a) atá ceannaithe ar cibé modh a bheidh curtha ar fáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe ó am go ham chun na críche sin;

(b) a thaifeadann uimhir chláraithe cheart na feithicle ar ina leith a cheannaítear an teidlíocht;

(c) lena n-údaraítear an fheithicil a locadh ar aon líon ócáidí, le linn na tréimhse bailíochta, sa charrchlós arna shonrú sa Ticéad Fanachta Solúbtha sin, ar

coinníoll nach bhfuil an fheithicil sin loctha de shárú ar aon fhoráil eile de na Fodhlíthe seo; agus

(d) nach bhfuil bailí ach amháin le haghaidh an charrchlóis a shonraítear an tráth a cheannaítear í agus nach bhfuil bailí le haghaidh locadh ar an tsráid nó le haghaidh aon charrchlós eile.

ciallaíonn **"Ticéad Loctha 'Íoc agus Taispeáin'"** ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' a ceannaíodh ag meaisín cuí ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' le haghaidh na tréimhse loctha ceadaithe agus nach bhfuil imithe in éag.

ciallaíonn **"Cead Loctha Cónaitheora bailí"** cead loctha cónaitheora a bhaineann le crios nó criosanna ceadanna loctha chónaithigh ar leith agus le tréimhse nach bhfuil imithe in éag agus ar cead é atá eisithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar ina limistéar feidhme atá an fheithicil ar a bhfuil an cead ar taispeáint loctha;

ciallaíonn **"feithicil"** gluaisteán príobháideach, vaigín stáisiúin nó feithicil paisinéirí ina bhfuil cóiríocht do líon paisinéirí nach mó ná seachtar gan an tiománaí a áireamh;

ciallaíonn "cuairteoir" duine a thugann cuairt nó a bhuaileann isteach ar an gcónaitheoir, nó a fhanann leis an gcónaitheoir nó a fhostaíonn an cónaitheoir chun oibreacha a dhéanamh ar an teaghais;

ciallaíonn "cead loctha cuairteora" cead loctha cuairteora arna eisiúint ag Comhairle na Cathrach, ag a gníomhairí nó ag a hoifigigh údaraithe amháin ar cead é ina bhfuil na sonraí atá ann i bhFodhlí Uimh. 32.

Ciallaíonn tagairt sna fodhlíthe seo do shín tráchta tagairt do shín tráchta arna forordú sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Síneacha) (I.R. Uimh. 181 de 1997) agus is é atá i gceist le haon uimhir dá dtagraítear in éineacht le sín tráchta ná an uimhir atá sannta don tsín tráchta sin sna rialacháin sin.

Mura rud é go sonraítear a mhalairt, is é a bheidh i dtagairt sna fodhlíthe seo do phláta faisnéise a ghabhann le sín tráchta ná pláta faisnéise a thaispeánfaidh an tréimhse (a n-áireofar inti na laethanta agus na huaire an chloig) lena mbaineann an lamháil, an srian nó an toirmeasc a thaispeántar leis an tsín tráchta sin.

(a) Sna fodhlíthe seo, aon tagairt d'airteagal nó do sceideal, ar tagairt í nach sainaithnítear ar shlí eile, is tagairt í d'airteagal de na fodhlíthe seo nó do sceideal a ghabhann leis na fodhlíthe seo.

(b) Sna fodhlíthe seo, aon tagairt d'fho-airteagal, do mhír nó d'fhomhír nach sainaithnítear ar shlí eile, is tagairt í don fho-airteagal, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt.

(c) Sna fodhlíthe seo, déanfar aon tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna oiriúnú le haon achtachán nó ionstraim iardain,

(d) Measfar gurb ionann aon tagairt sna fodhlíthe seo do lódáil earraí mar thagairt do sholáthar breosla chun an fheithicil a oibriú.

**Aisghairm:** **5** Faoi réir Fhodhlí 43, cúlghairtear leis seo Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin", 2004, Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú Uimh. 2), 2008, Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú), 2009, Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Rialú Loctha, 2009 agus na Fodhlíthe um Charrchlóis, 2005 (a mhéid a bhaineann atá na Fodhlíthe fós i ngníomh) agus cuirtear Fodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Rialú Loctha, 2025 ina n-ionad.

## Cuid II
## Locadh Ticéid 'Íoc agus Taispeáin'.

**Locadh in áiteanna loctha ticéid 'Íoc agus Taispeáin'** **6** Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas, le linn uaireanta oibríochtúla
maidir le locadh feithicle in áit loctha ticéid: -

(a) faoi réir Fhodhlí 12, déanfar feithicil atá loctha in áit loctha ticéid le linn uaireanta oibríochtúla, i gcás ina soláthraítear bánna loctha san áit loctha ticéid sin, a locadh laistigh den achar arb ionann é agus bá loctha;

(b) ní dhéanfaidh duine, ná ní dhéanfaidh duine a chur faoi deara go ndéanfar, feithicil a locadh in áit loctha ticéid i suíomh a fhágann go síneann sí, nó go síneann aon chuid di, thar bhá loctha amháin isteach i mbá loctha eile;

(c) ní úsáidfidh duine áit loctha ticéid chun aon chríoch seachas feithicil a locadh ann ach amháin le ceadú scríofa roimh ré ó Stiúrthóir Seirbhísí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, agus de réir na dtéarma go léir atá sonraithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí.

**Feithiclí a bhféadfar iad a locadh in áiteanna loctha 'Íoc agus Taispeáin'** **7** Ní fhéadfar ach feithiclí inneallghluaiste de na haicmí seo a leanas a locadh in áit loctha ticéid le linn uaireanta oibríochtúla:-

(a) feithicil paisinéirí ina bhfuil cóiríocht dó líon paisinéirí nach mó ná ochtar gan an tiomanaí a áireamh agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tharraingt nó á tarraingt aici,

(b) feithicil earraí nach mó a meáchan neamhualaithe ná 3.5 tona agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tharraingt nó á tarraingt aici;

**Oibleagáid chun Ticéad Loctha 'Íoc agus Taispeáin' bailí a Chur Ar Taispeáint**

**8** I gcás ina bhfuil feithicil loctha in áit loctha ticéid ar lá, agus le linn uaireanta an chloig, a shonraítear ar phláta faisnéise a ghabhann le sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha:

**(1)** (a) déanfar ticéad loctha 'Íoc agus Taispeáin' bailí, ticéad loctha bailí nó cead loctha duine faoi mhíchumas a chur ar taispeáint inti.

(b) Déanfar an ticéad loctha 'Íoc agus Taispeáin' bailí, an ticéad loctha bailí nó an cead loctha duine faoi mhíchumas a chur ar taispeáint amhlaidh ar an taobh istigh den fheithicil ar ina leith a eisíodh an ticéad nó an cead ionas gur féidir é a léamh go héasca ó áit lasmuigh den fheithicil.

(c) Déanfar an ticéad loctha 'Íoc agus Taispeáin' bailí, an ticéad loctha bailí nó an cead loctha duine faoi mhíchumas a thaispeáint de réir mhír (b) den fhodhlí seo fad atá an fheithicil loctha san áit loctha ticéid sin.

(d) I gcás ticéad loctha ticéid 'Íoc agus Taispeáin' a bheith imithe in éag ar feadh tréimhse os cionn 30 nóiméad, ar tréimhse í nach faide ná uair an chloig, féadfar feithicil a theanntáil agus beidh feidhm ag táille scaoilte teanntáin mar atá leagtha amach in Aguisín III de na Fodhlíthe seo.

(e) I gcás ticéad loctha a bheith imithe in éag ar feadh tréimhse os cionn 1 uair an chloig, féadfar feithicil a theanntáil agus beidh feidhm ag táille scaoilte teanntáin mar atá ar taispeáint in Aguisín III de na Fodhlíthe seo.

(f) I gcás nach bhfuil aon ticéad loctha 'Íoc agus Taispeáin' ar taispeáint, féadfar feithicil a theanntáil tar éis 10 nóiméad agus beidh feidhm ag táille scaoilte mar atá ar taispeáint in Aguisín III de na Fodhlíthe seo.

(g) I gcás ina bhfuil locadh toirmiscthe, féadfar feithicil a theanntáil láithreach agus beidh feidhm ag táille scaoilte mar atá ar taispeáint in Aguisín III de na Fodhlíthe seo.

**(2)** Más rud é, maidir le feithicil atá á locadh ar lá nó le linn uaireanta an chloig a shonraítear ar an phláta faisnéise taispeánfar a ghabhann le sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha, gur feithicil earraí í atá loctha amhlaidh d'aon toisc chun earraí a lódáil nó a dhílódáil, ní bheidh feidhm ag mír (1) den Fhodhlí seo go dtí go mbeidh deireadh le 20 nóiméad ón tráth a théann an fheithicil isteach san áit loctha agus go gcuirtear tús le locadh inti.

**(3)** I gcás ina ndéantar feithicil a locadh in áit loctha ticéid ar feadh tréimhse is giorra ná an tréimhse uasta de réir Rialachán 9 de na Fodhlíthe seo le haghaidh an limistéir loctha sin a locadh go dleathach ina dhiaidh sin i limistéar loctha ticéid ar an lá céanna, ní gá, faoi réir mhír 1(a), 1(b) agus `(c) den fhodhlí seo, ticéad breise 'Íoc agus Taispeáin' a cheannach agus a chur ar taispeáint.

**(4)** Ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8(1) i gcás ina bhfuil ceachtar díobh seo a leanas faighe ag an tiománaí éis:-

(a) rThicéad bailí, arna mhíniú i bhFodhlí 4, don tréimhse ar lena linn atá an fheithicil san áit loctha ticéid iomchuí, ar choinníoll go bhfreagraíonn an rThicéad d'uimhir chláraithe na feithicle arna locadh amhlaidh agus gur ticéad é a fhanann bailí ar feadh ré an loctha sin.

(b) Ticéad Fanachta Solúbtha bailí, arna míniú i bhFodhlí 4, i leith na feithicle a dhéantar a locadh sa charrchlós iomchuí a shonraítear sa ticéad sin, ar choinníoll go leanann an ticéad de bheith bailí ar feadh thréimhse an loctha agus go ndéantar an fheithicil a locadh i gcomhlíonadh na gcoinníollacha is infheidhme maidir leis an ticéad sin.

**Tréimhse an loctha in áit loctha ticéid**

**9** **(1)** Ní dhéanfar feithicil a dhéantar a locadh in áit loctha ticéid ar lá agus le linn na n-uaireanta an chloig a thaispeántar ar phláta faisnéise a ghabhann le sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha a locadh amhlaidh ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse a thaispeántar mar an tréimhse uasta don áit loctha ticéid sin a thaispeántar ar an bpláta faisnéise sin.

**(2)** I gcás ina ndéantar feithicil a bhí loctha go dleathach in áit loctha ticéid a locadh go dleathach ina dhiaidh sin in áit loctha ticéid eile, déanfar an tréimhse ar dá réir a bheidh an tréimhse iardain srianta le mír (1) den fhodhlí seo a laghdú de thréimhse atá comhionann leis an tréimhse ón am a thaispeántar ar an ticéad go dtí an t-am a thosaigh an locadh iardain.

**Feithicil a thabhairt chun bealaigh ó áit loctha ticéid**

**10** **(1)** Féadfar feithicil atá loctha in áit loctha ticéid ag am lasmuigh den am a shonraítear i leith íoc as locadh ar phláta faisnéise a ghabhann le síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha a theanntáil nó a thabhairt chun bealaigh ón áit loctha ticéid nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta a shonraítear an bpláta faisnéise sin, mura rud é, tráth an tosaithe sin agus ar feadh an chuid eile den locadh, go bhfaigheann an tiománaí a loc an fheithicil rThicéad bailí nó ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' bailí agus go ndéantar an ticéad sin a chur ar taispeáint ar an taobh istigh den fheithicil de réir Fhodhlí 8(1)(1)(b) agus Fhodhlí 8(1)(c) de na Fodhlíthe seo.

**(2)** Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí aon fheithiclí atá loctha in áit loctha ticéid de shárú ar aon fhoráil de na Fodhlíthe seo a theanntáil nó a tharraingt chun bealaigh. Déanfar feithiclí teanntáilte a scaoileadh ar an táille chuí a íoc. Déanfar feithiclí a tharraingíonn an Chomhairle nó a gníomhairí chun bealaigh a dhiúscairt de réir mar a shonraítear i Roinn 10(3).

(2A) Gan dochar d'Fhodhlí 10(2), i gcás feithicil a loctar de shárú ar na Fodhlíthe seo nó na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre nó na Rialachán Naisiúnta, féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí an fheithicil a tharraingt ón áit ina bhfuil sí loctha chuig áit phoiblí eile ina bhféadfar í a locadh go dleathach agus beidh an Chomhairle i dteideal na costais réasúnacha a ghabhann leis an tarraingt sin agus leis an athshuíomh sin a ghnóthú ó úinéir cláraithe na feithicle.

(2B) Féadfaidh an Chomhairle, de bhreis ar athshuíomh de bhua Fhodhlí 10(2A), nó ina ionad sin, feithicil a thabhairt chun bealaigh lena stóráil de réir Fhodhlí 10(2).

**(3)** Más rud é nach n-éilítear úinéireacht ar úinéireacht ar fheithicil a thugann an Chomhairle chun bealaigh ón áit loctha ticéid de bhun Fhodhlí Uimh. 10(2), nó nach gcruthaítear an úinéireacht sin, agus nach ndéantar na muirir a bhaineann le tabhairt chun bealaigh agus le stóráil laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta thabhairt chun bealaigh na feithicle ón áit loctha ticéid, tabharfaidh an Chomhairle fógra d'úinéir na feithicle (a mhéid is féidir céannacht an úinéara a fhionnadh) leis an bpost nó le fógra a fhoilsítear i nuachtán áitiúil maidir lena hintinn an fheithicil a dhiúscairt.

**(4)** Déanfaidh an Chomhairle feithicil atá ina hábhar d'Fhógra faoi Fhodhlí Uimh. 10(3) a dhiúscairt ar cibé modh a mheasann sí is cuí agus coimeádfaidh an

Chomhairle fáltais an diúscartha sin lena n-úsáid maidir le comhlíonadh aon cheann dá feidhmeanna.

**Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis imeacht ó áit loctha ticéid**

**11** Ní dhéanfar feithicil a bhí loctha in áit loctha ticéid a locadh arís in áit loctha ticéid ar an mbóthar poiblí ar a bhfuil an áit loctha ticéid sin suite go dtí uair amháin an chloig tar éis an ama a d'imigh am fheithicil ón áit loctha ticéid den uair dheireanach.

**Ticéid Loctha 'Íoc agus Taispeáin a Eisiúint**

**12** (1) Déanfar ticéad loctha 'Íoc agus Taispeáin' a cheannach ó mheaisín cuí ticéad loctha 'íoc agus taispeáin'.

(2) Beidh an táille ar thicéad loctha 'íoc agus taispeáin' iníoctha trí aon chumasc monaí bailí nó trí Chárta Dochair nó Creidmheasa.

(3) Déanfar íocaíocht tríd an táille chuí a éilítear don tréimhse loctha a chur isteach sa mheaisín cuí ticéad loctha agus trí dhéanamh de réir na dtreoracha ar an meaisín ticéad loctha chun ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' bailí a fháil.

(4) Déanfar an ticéad loctha bailí a chur ar taispeáint láithreach tar éis an locadh a dhéanamh ar choinníoll, i gcás go ndéantar feithicil a locadh ag am nach bhfuil le linn uaireanta oibríochtúla, go ndéanfar an ticéad loctha bailí a chur ar taispeáint de réir fhodhlí 8 ag tús na n-uaireanta oibríochtúla.

(5) Mar mhalairt ar thicéad 'íoc agus taispeáin' a fháil, féadfaidh tiománaí a bhfuil feithicil á locadh aige nó aici in áit loctha ticéid rThicéad bailí, nó, más iomchuí, Ticéad Fanachta Solúbtha, a fháil.

**Táillí ar Thicéid Loctha 'Íoc agus Taispeáin'**

**13** Is é a bheidh sa táille ar thicéad loctha 'íoc agus taispeáin' an táille a thaispeántar in Aguisín 1 de na Fodhlíthe seo agus a léirítear ar an meaisín ticéad Loctha cuí.

**Coinníollacha maidir le locadh in áiteanna loctha ticéid**

**14** (1) Déanfar feithicil a dhéantar a locadh in áit loctha ticéid ar lá agus le linn na n-uaireanta an chloig a thaispeántar ar phláta faisnéise a ghabhann le sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha a locadh amhlaidh, i gcás ina soláthraítear bánna loctha ag an áit loctha ticéid sin, laistigh den achar a chuimsíonn bá loctha.

(2) Ní dhéanfar feithicil a locadh i gcrios maolánach.

(3) Ní fhéadfar ticéad loctha a úsáid le cóiríocht thar oíche cibé acu an veain campála, carbhán, gluaisteán nó eile atá i gceist.

(4) Toirmisctear busanna agus cóistí ina bhfuil cóiríocht suite níos mó ná ochtar paisinéirí gan an tiománaí a

áireamh a locadh in áit loctha ticéid ach amháin i gcás ina soláthraítear spásanna loctha le haghaidh úsáid den sórt sin agus ina n-íoctar aon táille chuí.

(5) Ní dhéanfaidh duine cóiriú, nó ní dhéanfaidh sé nó sí oibreacha meicniúla nó deisiúcháin, ar fheithicil fad atá sí loctha in áit loctha ticéid, ach amháin más gá sin chun a chumasú an fheithicil a thabhairt chun bealaigh ón áit loctha ticéid.

(6) Ní dhéanfar feithicil a úsáid, fad atá sí loctha in áit loctha ticéid, chun earraí a dhíol san fheithicil, nó uaithi, nó mar oifig; ná ní dhéanfar aon fheithicil den sórt sin a thairiscint nó a chur ar taispeáint lena díol nó lena fruiliú nó mar dhuais. Ní dhéanfaidh duine aon torann gan ghá le feithicil, nó i ndáil le feithicil le linn í a bheith loctha in áit loctha ticéid, nó le haon trealamh, feisteán nó ionstraimí atá feistithe den fheithicil nó ar iompar uirthi nó aon challaire nó raidió atá bainteach ar aon slí leis an bhfeithicil.

(7) Ní dhéanfar feithicil a locadh i gcarrchlós nó in aon áit loctha ticéid ar feithicil í atá ina cúis le damáiste do dhaoine atá ag úsáid an charrchlóis nó na háite loctha ticéid, nó ar dóigh di, i dtuairim Maor Tráchta nó duine údaraithe, damáiste den sórt sin a dhéanamh, nó atá, i dtuairim Maor Tráchta nó duine údaraithe, ag cur bac ar an mbealach isteach i gcarrchlós, nó ar an mbealach amach as carrchlós, nó ar saorshreabhadh tráchta laistigh de charrchlós nó d'áit loctha ticéid agus féadfaidh an Chomhairle feithicil a thabhairt chun bealaigh de réir Fhodhlí 10 de na Fodhlíthe seo.

(8) Ní dhéanfar feithicil a thiomáint laistigh de charrchlós ar luas atá níos mó ná cúig chiliméadar san uair

(9) Ní dhéanfar feithicil a thiomáint i gcarrchlós ar bhealach atá contrártha don sreabhadh tráchta sa charrchlós ar sreabhadh é a thaispeántar le marcálacha nó le síneacha talún nó le marcálacha nó síneacha eile.

**Toirmeasc ar locadh Teaghaisí Sealadacha**

**15** (a) Ní dhéanfar veain campála, carbhán, teach soghluaiste nó feithicil a úsáidtear ar shlí eile a locadh thar oíche i gcarrchlós poiblí laistigh de limistéar riaracháin Chathair na Gaillimhe.

(b) Toirmisctear teaghais shealadach a chur, a chur in airde nó a choimeád ar na bóithre a fhorordaítear in Aguisín IV.

**Toirmisctear gluaisrothair agus rothair chos a locadh in áiteanna loctha ticéid**

**16** Ní dhéanfar gluaisrothar nó rothar cos a locadh ar lá agus le linn na n-uaireanta a shonraítear ar phláta faisnéise a ghabhann le sín nó le síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha.

| | | |
|---|---|---|
| **Limistéir ainmnithe le haghaidh gluaisteán** | **17** | Féadfar gluaisrothair, ag a bhfuil taobh-charr nó gan taobh-charr, a locadh i limistéir a bhféadfaidh an Chomhairle iad a ainmniú le haghaidh an chineáil sin feithicle. |
| **Meaisíní 'Íoc agus Taispeáin' nó áiteanna loctha ticéid a Fhionraí** | **18** | (a) Féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí meaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' nó áit loctha ticéid i limistéar loctha ticéid a fhionraí ó oibriú. Beidh an fhionraí faoi réir aon choinníollacha a bheidh sonraithe i scríbhinn ag an gComhairle.<br><br>(b) Déanfar fionraí meaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' nó áite loctha ticéid a léiriú trí shín nó trí fheiste eile a chur ar an meaisín á léiriú go soiléir go bhfuil sé neamhoibríochtúil nó tríd an meaisín loctha ticéid 'íoc agus taispeáin a thabhairt chun bealaigh go sealadach agus trí sín a chur in airde á léiriú go bhfuil locadh feithiclí toirmiscthe san áit loctha ticéid. |
| **Cur Isteach a Dhéanamh** | **19** | (a) Ní dhéanfaidh aon duine aon mhona, airteagal nó rud, seachas cárta íocaíochta nó na monaí a shonraítear maidir le ceannach ticéad loctha 'íoc agus taispeáin', a chur isteach i meaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' nó ní dhéanfaidh sé nó sí cur isteach ar aon slí eile ar meaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' in áit loctha ticéid.<br><br>(b) Ní dhéanfaidh aon duine seachas gníomhaire de chuid na Comhairle, Comhalta den Gharda Síochána, duine údaraithe, nó Maor Tráchta, cur isteach ar aon slí ar chochall, ar shín nó ar fheiste eile a chuirtear ar mheaisín ticéad loctha 'íoc agus taispeáin' in áit locadh ticéid.<br><br>(c) I gcás ina bhfuil feithicil loctha in áit loctha ticéid ar lá agus le linn na n-uaireanta a shonraítear ar phláta faisnéise a ghabhann le sín nó síneacha tráchta Uimh. RRM 011, RRM 012, RRM 013, RRM 014, Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 a údaraítear leis na Rialacháin um Shíneacha, ní dhéanfaidh duine cur isteach ar thicéad loctha 'íoc agus taispeáin' a chuirtear ar taispeáint san fheithicil.<br><br>(d) Ní dhéanfaidh duine bac a chur ar ghníomhaire de chuid na Comhairle, ar oifigeach údaraithe nó ar Mhaor Tráchta, nó cur as do dhaoine den sórt sin nó cur isteach ar dhaoine den sórt sin, le linn dó/di a dhualgais/dualgais a chomhlíonadh nó le linn aon obair atá á déanamh ag an áit loctha ticéid ag an gComhairle a fhorfheidhmiú ná ní chabhróidh sé ní sí le duine eile, ná ní ghríosóidh sé nó sí d'aon duine eile, an méid sin a dhéanamh. |
| **Neamhchomhlíonadh na bhFodhlíthe:** | **20** | Beidh aon duine a sháraíonn na Fodhlíthe seo ciontach i gcion agus beidh sé faoi réir fíneála de réir mar a fhorordaítear leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre. |

## Cuid III
## Cead Loctha do Chónaitheoirí/Cúramóirí

| | | |
|---|---|---|
| **Sonraí faoi chead loctha cónaitheora** | **21** | Is é a bheidh i gcead loctha cónaitheora (a) cead fisiciúil arna eisiúint ag an gComhairle nó (b) taifead i mbunachar sonraí ceadanna na Comhairle agus beidh na sonraí seo a leanas ann:<br>(a) na focail Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Galway City Council<br>(b) ainm agus seoladh an chónaitheora a bhfuil an cead eisithe chuige nó chuici;<br>(c) déanamh agus uimhir chláraithe na feithicle ar ina leith atá an cead eisithe<br>(d) an dáta eisiúna;<br>(e) an limistéar/na limistéir loctha chónaithigh lena mbaineann an cead;<br>(f) an tréimhse lena mbaineann an cead, lena n-áirítear an dáta éagtha<br>(g) síniú an duine a eisíonn an cead; |
| **Cead chun feithicil a gcuirtear cead loctha bailí ar taispeáint inti a locadh** | **22** | Má dhéantar cead loctha bailí a chur ar taispeáint, de réir Fhodhlí 23 de na Fodhlíthe seo, ar an bhfeithicil ar ina leith a eisíodh an cead, nó má dhéantar feithicil a chlárú i mbunachar sonraí ceadanna na Comhairle, ceadóidh sé sin d'úinéir na feithicle (nó d'aon duine a úsáideann an fheithicil le cead an úinéara) an fheithicil a locadh gan teorainn i dtaobh ama in áit loctha ticéid sa limistéar loctha cónaitheach(sna limistéir loctha chónaitheacha) lena mbaineann an cead. |
| **Cead loctha bailí a chur ar taispeáint** | **23** | I gcás cead loctha fisiciúil a bheith eisithe, déanfar cead loctha bailí a chur ar taispeáint amhlaidh, ar an taobh istigh den fheithicil ar ina leith a eisítear é, ar cibé slí ina bhféadfar na sonraí atá sonraithe ann a léamh go héasca ó áit lasmuigh den fheithicil. I gcás nach bhfuil aon chead fisiciúil eisithe, measfar an locadh a bheith i gcomhréir le Cuid II de na Fodhlíthe seo má tá uimhir chláraithe na feithicle taifeadta i mbunachar sonraí ceadanna na Comhairle agus i gcás ina bhfuil an fheithicil loctha de réir an cheada. |
| **Cur isteach ar chead loctha.** | **24** | I gcás ina ndéantar feithicil a bhfuil cead loctha bailí ar taispeáint inti a locadh i limistéar ceada loctha chónaithigh, ní chuirfidh duine isteach ar an gcead. |
| **Cead loctha cónaitheora a eisiúint agus an táille ina leith** | **25** | **(1)** Déanfaidh an Chomhairle cead loctha cónaitheora a eisiúint i leith locadh feithicle in áit loctha ticéid i limistéar(limistéir) ceada loctha laistigh de limistéar feidhme na Comhairle.<br>**(2)** Is é a bheidh sa táille ar chead loctha cónaitheora ná an táille a thaispeántar in Aguisín II. |

**(3)** Déanfar an Chomhairle cead loctha cónaitheora a eisiúint i leith aon fheithicil amháin arb é nó í an cónaitheoir a húinéir agus beidh an cead bailí ar feadh tréimhse aon bhliain amháin ón dáta eisiúna i leith na feithicle sin agus don limistéar ceada loctha (do na limistéir cheada loctha) chónaithigh lena mbaineann an cead. Beidh eisiúint an cheada faoi réir an cónaitheoir do thabhairt fianaise inghlactha ar aird.

**(4)** Is de rogha na Comhairle agus faoi réir na bhFodhlíthe seo a dhéanfar ceadanna a eisiúint ach beidh sé faoi réir ceithre chead in aghaidh an tí, cead amháin in aghaidh an árasáin sna limistéir chónaitheacha i lár na cathrach agus i gceantair chónaitheacha istigh agus dhá chead i bhfobhailte i bhfobhailte seanbhunaithe agus i bhfobhailte amuigh mar atá sainithe i bPlean Forbartha na Cathrach.

**(5)**
1. Beidh freagracht ar an sealbhóir ceada loctha, agus air nó uirthi amháin, cead loctha a athnuachan.

2. Ní mór an cead loctha cónaitheora a athnuachan laistigh den tréimhse athnuachana a chríochnaíonn 28 lá tar éis dáta éagtha an cheada láithrigh. I gcás nach ndéantar cead a athnuachan laistigh den tréimhse athnuachana, measfar sealbhóir ceada éagtha, ar iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin ar chead loctha cónaitheora don seoladh sin, a bheith ina iarratasóir nó ina hiarratasóir céaduaire faoi na Fodhlíthe seo agus ní eiseofar cead mura rud é go bhfuil an t-iarratasóir cáilithe chun cead a fháil faoi na Fodhlíthe seo tráth an iarratais iardain.

**Cead loctha a chur ar ais agus a aistriú** **26**

**(1)** Más rud é, le linn na tréimhse a mbaineann cead loctha cónaitheora léi, go scoireann an cónaitheoir de chónaí a bheith air nó uirthi ag an seoladh a shonraítear ar an gcead nó a scoireann sé nó sí de bheith ina úinéir/húinéir i leith na feithicle lena mbaineann an cead, déanfaidh sé nó sí an cead sin (más cead fisiciúil é) a chur ar ais chuig an gComhairle. Tá cead loctha chónaithigh neamh-inaistrithe agus leanann aon chead fisiciúil a eisítear de bheith ina mhaoin de chuid na Comhairle ón dáta eisiúna.

**(2)** Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann cead loctha cónaitheora, go gcuireann an cónaitheoir ar chuige nó chuici atá an cead sin eisithe feithicil eile a chur in ionad na feithicle lena mbaineann an cead, déanfaidh sé nó sí an cead (más cead fisiciúil é) a chur ar ais chuig an gComhairle agus déanfaidh an Chomhairle, ar íoc na táille a thaispeántar in Aguisín II, a eisiúint chuig an gcónaitheoir, faoi réir fianaise inghlactha a thabhairt ar aird i leith na feithicle nua, cead nua a eisiúint chuig an gcónaitheoir i leith na feithicle, agus beidh an cead nua sin bailí ar feadh na tréimhse atá sonraithe.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seoladh a Athrú - cead loctha cónaitheora a eisiúint** | **27** | | Más rud é go ndéanann sealbhóir ceada loctha cónaitheora arna dheonú faoi na Fodhlíthe seo seoladh a athrú, go seoladh atá laistigh den limistéar ceada loctha céanna nó atá i limistéar ceada loctha eile, féadfaidh an Chomhairle nó a gníomhairí, tar éis an cead bunaidh (más cead fisiciúil é) a thabhairt suas agus tar éis fianaise inghlactha a thabhairt ar aird, cead loctha cónaitheora a eisiúint i leith an tseolta nua, ar choinníoll nach mbeadh sealbhóir an cheada cáilithe chun cead cónaitheora a fháil faoi na Fodhlíthe seo ag an seoladh nua. Maidir le cead arna eisiúint faoin bhFodhlí seo, beidh sé bailí ar feadh an chuid eile atá fágtha den tréimhse a shonraítear sa chead bunaidh. Más rud é nach ndéantar an cead bunaidh (más cead fisiciúil é) a thabhairt suas, beidh táille a thaispeántar in Aguisín II ann maidir le cead loctha cónaitheora nua a eisiúint. Ní dhéanfar aon choigeartú airgeadais, creidmheas nó aisíoc a dheonú ach amháin i leith na difríochta praghais idir na catagóirí muirear ceada. |
| **Cead loctha cónaitheora a eisiúint chuig duine neamhchónaitheach(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora agus chuig duine(daoine ainmnithe)/Cúramóirí, agus táille ina leith sin** | **28** | **(1)** | Féadfaidh an Chomhairle cead loctha cónaitheora a eisiúint chuig duine neamhchónaitheach(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora nó chuig duine(daoine) ainmnithe nó chuig cúramóir a ghníomhaíonn mar chúramóirí deonacha do chónaitheora in áit loctha ticéid ar cónaitheoir é a bhfuil gá aige nó aici le cúram leanúnach laethúil i leith breoiteacht ainsealach. |
| | | **(2)** | Déanfar cead loctha a eisiúint go bliantúil chuig cónaitheoir cáilithe ach sin faoi réir cruthúnas ar chónaitheacht a sholáthar, deimhniú árachais fheithicil duine neamhchónaitheach<br>(daoine neamhchónaitheacha) de chuid an chónaitheora nó deimhniú árachais fheithicil an chúramóra agus daingniú scríofa ó dhochtúir an chónaitheora á rá go bhfuil gá ag an gcónaitheoir le cúram leanúnach laethúil i leith breoiteacht ainsealach. |
| | | **(3)** | Beidh cead loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/cúramóra bailí ar feadh tréimhse bailí ón dáta eisiúna. Féadfar 2 chead ar a mhéad a eisiúint chuig cónaitheoir cáilitheach. Is é a bheidh sa táille ar eisiúint cead(ceadanna) loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/ cúramóra ná an táille a thaispeántar in Aguisín II de na Fodhlíthe seo. |

**(4)** Féadfaidh an Chomhairle cead loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/cúramóra a eisiúint chuig cónaitheoir a bhfuil gá aige nó aici de réir Fhodhlí 28 (1) de na Fodhlíthe seo agus a chónaíonn in áitreabh atá suite in áit loctha ticéid 'íoc agus taispeáin'. Déanfar cead loctha an duine neamhchónaithigh(na ndaoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/an duine(na ndaoine) ainmnithe/an chúramóra a eisiúint i leith an limistéir/na limistéar ceada loctha chónaithigh ina bhfuil gnátháit chónaithe an duine a bhfuil gá aige nó aici le cúram agus i leith crios tadhlach amháin eile den sórt sin, de réir mar a bheidh.

**(5)** Déanfaidh an Chomhairle cead loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/
duine(daoine) ainmnithe/cúramóra a úsáid i leith an mhéid seo a leanas

gluaisteán,

veain,

feithicil paisinéirí (ag a bhfuil cóiríocht do líon daoine nach mó na ochtar gan an tiománaí a áireamh),

**Sonraí faoi Chead Loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/ duine(daoine) ainmnithe/Cúramóra**

**29** Beidh na sonraí seo a leanas ann i gCead Loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine
(daoine) ainmnithe/Cúramóra:

(1) na focail Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Galway City Council

(2) an limistéar ceada loctha(na limistéir cheada loctha) lena mbaineann an cead,

(3) an dáta eisiúna,

(4) an tréimhse lena mbaineann an cead agus an dáta éagtha;

(5) Uimhir Chead an Chúramóra,

(6) síniú an duine a eisíonn an cead.

**Cead Loctha duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha)/ de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/Cúram**

**30** Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann Cead Loctha duine(daoine) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine (daoine)ainmnithe/Cúramóra, go scoireann an duine a bhfuil an cead eisithe chuige nó chuici de bheith ina chónaí ag an seoladh a shonraítear, déanfaidh sé nó sí an cead (más cead fisiciúil é) a chur ar ais láithreach chuig an gComhairle. Tá Cead Loctha duine(daoine) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/Cúramóra neamh-inaistrithe agus leanann aon chead fisiciúil a eisítear de bheith ina mhaoin de chuid na Comhairle ón dáta eisiúna.

**óra a chur ar ais agus a aistriú**

**Cion** **31** Is cion é ag cónaitheoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Cead Loctha duine(daoine) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/Cúramóra a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile,

(2) Is é a leanfaidh as Cead Loctha duine(daoine) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine)ainmnithe / Cúramóra a mhí-úsáid ná cealú agus/nó tarraingt siar an Cheada Loctha.

(3) Cead Loctha atá ar neamhní nó éagtha a chur ar taispeáint

## Cuid IV

## Ceadanna Loctha Cuairteoirí

**Sonraí ar chead loctha cuairteora:** **32** Beidh na sonraí seo a leanas ann i gcead loctha cuairteora:

(1) na focail Comhairle Cathrach na Gaillimhe/Galway City Council; agus

(2) na focail 'cead loctha cuairteora',

(3) an limistéar ceada(na limistéir cheada) loctha chónaithigh lena mbaineann an cead;

(4) sonraí a léiríonn bliain, mí, lá agus uair an chloig thús thréimhse loctha na feithicle,

**Ceadanna loctha do chuairteoirí a eisiúint agus an táille ina leith** **33.**

**(1)** Féadfaidh an Chomhairle ceadanna loctha cuairteora a eisiúint chuig cónaitheoir in áit loctha ticéid, ach sin faoi réir fianaise inghlactha a thabhairt ar aird, ar ceadanna iad i leith locadh feithiclí ar gá iad a locadh go sealadach agus atá foghabhálach le húsáid theaghais an iarratasóra.

**(2)** Ní bheidh ceadanna loctha cuairteora a eisítear faoin bhFodhlí seo bailí ach amháin lena n-úsáid san áit loctha ticéid lena mbaineann cead loctha an chónaitheora.

**(3)** Ceadóidh ceadanna loctha cuairteora a eisítear faoin bhFhodhlí seo an fheithicil a locadh ar feadh tréimhse is mó ná 24 huaire an chloig ó thús an loctha sa limistéar ceada(sna limistéir cheada) loctha lena mbaineann an cead loctha cuairteora.

**(4)** Is é atá sa líon iomlán ceadanna loctha cuairteora a fhéadfar a eisiúint chuig gach cónaitheoir nó chuig gach iarratasóir de réir mhír (1) agus (2) den Fhodhlí seo ná 52 in aon tréimhse 12 mhí, ach sin faoi réir theorainn fhoriomlán 104 chead in aghaidh an aonaid tithíochta.

**(5)** Is é a bheidh sa táille ar gach cead loctha ar leith ná an táille a thaispeántar in Aguisín II de na Fodhlíthe seo.

**Cead loctha cuairteora bailí a chur ar taispeáint:**

**34** Má dhéantar cead loctha cuairteora bailí a chur ar taispeáint, de réir Fhodhlí 23, ar fheithicil, ceadóidh sé sin d'úinéir na feithicle (nó d'aon duine a úsáideann an fheithicil le cead an úinéara) an fheithicil a locadh go leanúnach ar an dáta a thaispeántar ar an gcead loctha cuairteora san áit(sna háiteanna) loctha ticéid sa limistéar loctha cónaitheach(sna limistéir loctha chónaithigh) lena mbaineann an cead ar choinníoll gurb amhlaidh maidir leis an gcead loctha-

**(a)** gur eisíodh i leith an limistéir(na limistéar) ceada loctha ina bhfuil an fheithicil loctha agus

**(b)** go bhfuil na painéil ar leithligh ar an gcead loctha scríobtha mar is cuí ag tús an loctha á léiriú go soiléir an bhliain, an mhí, an lá sa mhí, agus más cuí, an uair sa lá (agus go dtí an tréimhse cúig nóiméad) den uair an chloig a thosaíonn an locadh;

**Cead loctha cuairteora a dhiúscairt**

**35** Is cion é ag cónaitheoir cead cuairteora a dhíol le duine, nó a dhiúscairt ar shlí eile chuig duine eile, seachas cuairteoir arna mhíniú sna Fodhlíthe seo.

**Teidlíocht leantach chuig ceadanna loctha arna n-eisiúint faoi fhodhlíthe roimhe seo:**

**36** Maidir le cónaitheoir a shealbhaíonn cead loctha ar an dáta a tháinig na Fodhlíthe seo i ngníomh, ar cead loctha é a eisíodh de réir fhorálacha na bhFodhlíthe a leasaíodh ó sin, ceadófar dó nó di leanúint dá chead/cead loctha a athnuachan i leith an tseolta chéanna, ach sin faoi réir fhorálacha Fhodhlí 25(3) agus faoi réir an fhianaise chuí inghlactha a thíolacadh agus an táille chuí a íoc. Ní mór an cead a athnuachan laistigh den tréimhse athnuachana a chríochnaíonn 28 lá ó dháta éagtha an ceada láithrigh de réir mar a shonraítear i bhFodhlí 25(5). Beidh gach cónaitheoir a cháilíonn faoin bhFodhlí seo i dteideal leanúint d'iarratas a dhéanamh ar cheadanna loctha cuairteora, agus ar chead duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/Cúramóra, i gcás ina bhfuil na daoine sin cáilithe.

Doiciméid fhalsaithe

**37** I gcás ina dtíolacann cónaitheoir doiciméid fhalsaithe chun tacú lena iarratas/hiarratas ar chead loctha cónaitheora, duine neamhchónaithigh (daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/ cúramóra nó ar duine(daoine) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/Cúramóra nó ar chead/cheadanna cuairteora féadfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, a chinneadh gan cead loctha cónaitheora, duine neamhchónaithigh(daoine neamhchónaitheacha) de chuid theaghlach an chónaitheora/duine(daoine) ainmnithe/ cúramóra a eisiúint chuig an iarratasóir/gcónaitheoir sin agus/nó an cead sin a chealú.

## Cuid V

### Cead gan Meaisín(í) Ticéad Loctha agus/nó Áit(eanna) Loctha a oibriú

| | | |
|---|---|---|
| **Iarratas:** | **38** | Ní mór iarratas ar chead a fháil gan Meaisín(í) Ticéad Loctha agus/nó Áit(eanna) Loctha a oibriú, a dhéanamh i scríbhinn maidir leis a méid seo a leanas:<br>(a) scipe a chur ar áit áirithe;<br>(b) cliabhán ardaithe/ ardaitheoir a chur ar áit áirithe;<br>(c) craein a chur ar áit áirithe;<br>(d) feithicil atá os cion 3.5 tona a chur ar áit áirithe;<br>(e) críocha scannánaíochta agus/nó feithiclí gaolmhara;<br>(f) oibreacha fóntais agus/nó feithiclí;<br>(g) rochtain ar an mbóthar poiblí a oscailt; agus<br>(h) aon imthosca eile de rogha Rannóg Iompair Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. |
| **Coinníollacha a ghabhann le cead a thabhairt** | **39** | Beidh an cead, má dheonaítear é, faoi réir aon choinníollacha a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn, lena n-áirítear táille/táillí a bheidh le híoc ag an duine a iarrann an cead. |
| **Táillí cuí:** | **40** | Is é a bheidh sna táillí cuí is iníoctha ar chead a thabhairt ná na táillí a chomhaontaítear sna himthosca ar leith. |
| **Cead a eisiúint** | **41** | Déanfar an cead, má dheonaítear é, a eisiúint i scríbhinn mar aon le fógra chuig an ngníomhaireacht forfheidhmiúcháin chuí maidir le mionsonraí faoin gcead. |
| **Coinníollacha a shárú** | **42** | Is cion é coinníoll a shonraítear i scríbhinn sa chead a shárú. |

## Cuid VI

# Ilghnéitheach

| | | |
|---|---|---|
| **Gan feidhm a bheith ag fodhlíthe 6-17 de na fodhlíthe seo maidir le feithiclí ar leith** | **43** | Ní bheidh feidhm ag Airteagail 6-17 de na fodhlíthe seo maidir leis an méid seo a leanas:<br>(a) feithicil atá á húsáid i dtaca le bac ar thrácht a thabhairt chun bealaigh, feithiclí a dhéanamh doghluaiste agus a scaoileadh, bóthar poiblí a chothabháil, a fheabhsú nó a atógáil, príomhphíopa, a bhaineann le soláthar gáis, ola, uisce nó leictreachais a sholáthar, nó líne teileagraif, teileafóin nó cumarsáide nó seoladán, a athrú nó a dheisiú nó sín tráchta a sholáthar;<br>(b) feithicil briogáide dóiteáin, otharcharr nó feithicil atá á húsáid ag comhalta den Gharda Síochána nó ag Maor Tráchta nó ag duine údaraithe eile i gcomhlíonadh a dhualgas/dualgas.<br>(c) feithicil a bhfuil cead loctha duine faoi mhíchumas, arna eisiúint de bhun na Rialachán Náisiúnta Loctha nó a aithnítear faoi na Rialacháin sin, ar taispeáint ar an taobh istigh di. |

**Séanadh** **44** De réir Alt 36(13) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, ní fhágfaidh comhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi na Fodhlíthe seo ag an gComhairle nó ag a Gníomhairí go bhfuil siad faoi réir aon dliteanas i leith caillteanais nó damáiste d'aon fheithicil in áit loctha íoca nó do lánas na feithicle sin.

**Leanúnachas Fodhlíthe aisghairthe agus forálacha idirthréimhseacha:** **45**

(a) Ní dhéanfaidh aon ní i bhFodhlí 5 difear do bhailíocht aon ní a rinneadh faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin", 2004, faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú Uimh. 2), 2008, faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú), 2009, faoi na Fodhlíthe um Rialú Loctha, 2009 agus faoi Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Charrchlóis, 2005. Ní dhéanfar aon ghníomhartha a rinneadh faoi na fodhlíthe sin ná aon ní eile a neamhbhailíochtú ach beidh éifeacht leo, má bhí siad i bhfeidhm díreach roimh dhéanamh na haisghairme sin, agus beidh éifeacht leo amhail is dá mba rud é go ndearnadh iad faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin", 2004, faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú Uimh. 2), 2008, faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú), 2009, faoi Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Rialú Loctha, 2009 agus faoi na Fodhlíthe um Charrchlóis, 2005, mura bhforáiltear a mhalairt.

(b) Maidir le leanúnachas oibriú an dlí a bhaineann le nithe dá bhforáiltear sna Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin", 2004, sna Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú Uimh. 2), 2008, faoi na Fodhlíthe um Locadh Sráide 'Íoc agus Taispeáin" (Leasú), 2009, faoi Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Rialú Loctha, 2009 agus faoi na Fodhlíthe um Charrchlóis, 2005 atá aisghairthe, ní dhéanfar difear don leanúnachas sin mar thoradh ar fhodhlíthe 2004, 2005, 2008 agus 2009 sin a chur in ionad na bhFodhlíthe sin agus -.

(i) maidir le cibé méid d'aon Fhodhlí eile, gníomh nó doiciméad eile a thagraíonn, cibé acu go sainráite nó trí thabhairt le tuiscint, do nithe a rinneadh, nó atá le déanamh, faoi aon fhoráil de chuid na bhFodhlíthe seo, nó chun críoch aon fhoráil den sórt sin, déanfar é a fhorléiriú, más rud é, agus sa mhéid, go gceadaíonn cineál ábhar an Fhodhlí, an ghnímh nó an doiciméid eile amhlaidh, mar fhoráil a áiríonn, i ndáil leis na hamanna, na blianta nó na tréimhsí, imthosca nó críocha ar i ndáil leo atá nó a bhí éifeacht ag an bhforáil chomhfhreagrach i bhFodhlíthe 2004, 2005, 2008 agus 2009 atá aisghairthe, tagairt don fhoráil chomhfhreagrach sin nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó atá le déanamh faoin bhforáil sin nó chun críoch na forála sin;

maidir le cibé méid d'aon Fhodhlí, gníomh nó doiciméad eile (cibé acu aisghairthe, rite nó déanta tar éis

thosach feidhme na bhFodhlíthe seo) a thagraíonn, cibé acu go sainráite nó trí thabhairt le tuiscint, do nithe a rinneadh, nó atá le déanamh, faoi aon fhoráil de chuid na bhFodhlíthe seo, nó chun críoch aon fhoráil den sórt sin, déanfar é a fhorléiriú, más rud é, agus sa mhéid, go gceadaíonn cineál ábhar an Fhodhlí, an ghnímh nó an doiciméid eile amhlaidh, mar fhoráil a áiríonn, i ndáil leis na hamanna, na blianta nó na tréimhsí, imthosca nó críocha ar i ndáil leo atá nó a bhí éifeacht ag an bhforáil chomhfhreagrach i bhFodhlíthe 2004, 2005, 2008 agus 2009 atá aisghairthe, tagairt don fhoráil chomhfhreagrach sin nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó atá le déanamh faoin bhforáil sin nó chun críoch na forála sin;

**Bánna Feithicle Leictrí** **46**

(a) Ní fhéadfar Feithiclí Neamhleictreacha a locadh, ar feadh na ré, i mbánna loctha feithicle leictrí.

(b) Ní fhéadfaidh ach feithiclí leictreacha rochtain a fháil ar bhánna loctha feithiclí leictreacha d’fhonn cadhnraí na bhfeithiclí sin a luchtú ag na pointí luchtaithe a sholáthraítear ag an mbá loctha ar leith agus, thairis sin, ní cheadaítear na feithiclí sin a choimeád sa bhá loctha feithicle leictrí ach amháin le linn an fheithicil a bheith á luchtú go gníomhach. Ní bheidh feidhm ag Cuid II de na Fodhlíthe seo maidir le feithiclí leictreacha le linn iad a bheith á luchtú ag bánna loctha feithicle leictrí atá á mbainistiú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Chun amhras a sheachaint, beidh feidhm ag Cuid II de na Fodhlíthe seo maidir le feithiclí leictreacha le linn iad a bheith á luchtú ag bánna loctha feithicle leictrí atá á mbainistiú ag eintitis seachas Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

**Arna dhéanamh agus arna ghlacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

**an ú lá de , 2025**

**I láthair nuair a greamaíodh Séala Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de seo.**

______________

**Sínitheoir Ainmnithe**
**Chomhairle Cathrach na Gaillimhe**

# Aguisín I

## Táillí ar Thicéad/rThicéad Loctha

Tá Táillí Cuí infheidhme ar bhonn pro rata le haghaidh aon tréimhse loctha suas go dtí an tréimhse uasta a cheadaítear san áit Loctha, ach sin faoi réir Fhodhlí 9 (3).

**Locadh ar an tSráid**

| 8.30am-6.30pm | Luan-Sath go huile |
|---|---|
| 15 Nóim - Muirear Íosta | €0.50 |
| 30 Nóiméad | €1.00 |
| 1 Uair an chloig | €2.00 |
| 1 Uair an chloig agus 30 Nóiméad | €3.00 |
| 2 Uair an chloig - Fanacht Uasta | €4.00 |

**Carrchlóis Fhadtéarma nach bhfuil ar an tsráid**

**(Carrchlóis Bhóthar na Díge, Bhóthar an Choláiste, & na hArdeaglaise)**

| 8.30am-6.30pm | Luan-Sath go huile |
|---|---|
| Ráta sa lá | €6.50 |

**Carrchlóis Ghearrthéarma**

**(Carrchlóis Bhóthar Shandair & Shráid an Mhuilinn)**

| 8.30am-6.30pm | Luan-Sath go huile |
|---|---|
| 15 Nóim - Muirear Íosta | €0.50 |
| 30 Nóiméad | €1.00 |
| 1 Uair an chloig | €2.00 |
| 1 Uair an chloig & 30 Nóiméad | €3.00 |
| 2 Uair an chloig | €4.00 |
| 2 Uair an chloig & 30 Nóiméad | €5.00 |
| 3 hUaire an chloig | €6.00 |
| 3 hUaire an chloig & 30 Nóiméad | €7.00 |
| 4 hUaire an chloig | €8.00 |
| 4 hUaire an chloig & 30 Nóiméad | €9.00 |
| 5 hUaire an chloig | €10.00 |
| 5 Uair an chloig & 30 Nóiméad | €11.00 |
| 6 hUaire an chloig | €12.00 |
| 6 hUaire an chloig & 30 Nóiméad | €13.00 |
| 7 nUaire an chloig | €14.00 |
| 7 nUaire an chloig & 30 Nóiméad | €15.00 |
| 8 nUaire an chloig | €16.00 |
| 8 nUaire an chloig & 30 Nóiméad | €17.00 |
| 9 nUaire an chloig | €18.00 |
| 9 hUaire an chloig & 30 Nóiméad | €19.00 |
| Locadh Lae | €20.00 |

Féadfar na taraifí sin a athbhreithniú agus a mhéadú nó a laghdú le rún ó Chomhaltaí na Comhairle.

# Aguisín II

**Ceadanna Loctha**

1. **Ceadanna Loctha Chónaithigh**

   **€20.00 ina aghaidh an cheada in aghaidh na bliana**

2. **Ceadanna Loctha Cuairteora**

   **€2.50 in aghaidh an cheada – arna eisiúint ina mbloic 4 cinn ar tháille €10.00.**

3. **Ceadanna Loctha Cúramóra**

   **€10.00 aghaidh an chónaitheora cháilithigh in aghaidh na bliana le haghaidh 2 chead.**

**Féadfar táillí a athbhreithniú in aghaidh na bliana ar mhodh Ordú Feidhmiúcháin**

# Aguisín III

## Táillí Scaoilte Teanntáin

| | | |
|---|---|---|
| 1 | I gcás ticéad Ioctha 'Íoc agus Taispeáin' atá éagtha ar feadh níos mó ná 30 nóiméad gan bheith níos mó ná 1 uair an chloig (tráth na clampála) | €20.00 |
| 2 | I gcás ticéad Ioctha 'Íoc agus Taispeáin' atá éagtha ar feadh níos mó ná 1 uair an chloig (tráth na clampála) | €80.00 |
| 3 | I gcás nach bhfuil aon ticéad Ioctha 'Íoc agus Taispeáin' ar taispeáint | €80.00 |
| 4 | I gcás nach bhfuil aon locadh ceadaithe | €80.00 |

**Féadfar táillí a athbhreithniú in aghaidh na bliana ar mhodh Ordú Feidhmiúcháin**

# Aguisín IV

## Toirmeasc ar Locadh Teaghaisí Sealadacha -

## Bóithre Toirmiscthe:

| | |
|---|---|
| **1.** | R336 – Ar Phromanáid Rinn na Mara óna acomhal le Bóthar Grattan go Timpeallán na nDorchaíoch |
| **2.** | R336 – Ar Bhóthar na Trá Uachtarach ó Thimpeallán na nDorchaíoch go dtí pointe 100m. siar óna acomhal le Bóthar na Mine (R338) |
| **3.** | LT50187 – Ar Chéide na gCúig Céad óna dhá acomhal le Promanáid Rinn na Mara (R336) go dtí acomhal ag cúl an National Aquarium go dtí pointe 163 mhéadar soir ó thuaidh ón acomhal sin. |
| **4.** | LS05015 – Ar Bhóthar Charraig Bhartúin óna acomhal le Bóthar na Trá Uachtarach (R336) go dtí a acomhal leis an mBóthar Riabhach (LT 50152). |
| **5.** | LP01002, LP01010, LP01011, LP01012 & LP01013 – Ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair óna acomhal le Bóthar an Easpaig Uí Dhónaill (R338) ag Timpeallán na nDineach go dtí a acomhal le Timpeallán Bhóthar na Ceapaí (LS05004). |

**Féadfar Bóithre Forordaithe a athbhreithniú agus a leasú le rún ó Chomhaltaí na Comhairle.**